

## Cé muidne

Sinne altraí sláinte poiblí (ASPanna) agus altraí ginearálta cláraithe (AGCanna) a bhíonn ag obair le chéile le tacú agus le cur le seirbhísí pobail. Bímid ag obair freisin mar fhoireann in éineacht le gairmithe sláinte agus cúram sóisialta eile. Féadfaidh ball ar bith den fhoireann altranais cuairt a thabhairt ort.

## Áit ina mbímid ag obair agus an modh oibre atá againn

Tá ASPanna agus AGCanna lonnaithe in ionaid sláinte agus in ionaid cúraim phríomhúil. Soláthraíonn ionaid cúraim phríomhúil cuid mhaith de na seirbhísí sláinte nó cúraim shóisialta atá i do phobal taobh amuigh den timpeallacht ospidéil. Soláthraíonn an fhoireann cúraim phríomhúil na seirbhísí seo, agus dochtúirí, oibrithe sóisialta, altraí, teiripeoirí agus daoine eile nach iad san áireamh.

Soláthraímid cúram sa bhaile, sa chlinic agus i scoileanna áitiúla. Féadfaimid teilileigheas a úsáid dár gcomhairliúcháin. Is comhairliúchán (cruinniú) fóin/físe é teilileigheas le fáil amach cad é mar atá tú.



Leagan a Dó Meán Fómhair 2021

## Sonraí teagmhála

### Altra Sláinte Poiblí agus nó Altra Ginearálta Cláraithe

Ainm

Guthán

Ainm

Guthán

### Sonraí an Ionaid Cúraim Phríomhúil/Sláinte:

## Luan go hAoine

Téigh i dteagmháil linn ar an bhfón ó Luan go hAoine ar maidin idir \_\_\_\_\_ rn agus \_\_\_\_\_ in. Má chuireann tú scairt taobh amuigh de na hamanna seo, is féidir leat teachtaireacht a fhágáil agus cuirfidh an t-altra scairt ar ais ort a luaithe agus is féidir nó ar an gcéad lá oibre eile.

## Seirbhísí ag an deireadh seachtaine

(Ar fáil i roinnt réigiún **amháin** ach coinne a dhéanamh i gcónaí.)

Má tá cúram altranais de dhíth ort ag an deireadh seachtaine, d'fhéadfadh sé go mbeimid in ann coinne a dhéanamh i do theach féin nó ag clinic. D'fhéadfadh sé go mbeidh ort coinníollacha incháilitheachta eile a chomhlíonadh.

## Na spriocanna atá againn

Mar bhaill den fhoireann cúraim phríomhúil táimid ag iarraidh:

- réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil duit agus do do theaghlach
- an cúram seo a sholáthar san áit chónaithe, i gclinicí áitiúla, in ionaid cúraim phríomhúil, i scoileanna agus ag grúpaí tacaíochta
- cúram comhtháite a sholáthar i gcomhar le do dochtúir teaghlaigh agus laistigh den fhoireann cúraim phríomhúil i gcoitinne
- sláinte, folláine agus ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus iontrálacha go hospidéil a sheachaint
- comhoibriú le gníomhaireachtaí eile, amhail Tusla (an ghníomhaireacht leanaí agus teaghlaigh) agus seirbhísí áitiúla amhail seirbhísí do dhaoine gan dídean agus seirbhísí andúile

## Do Sheirbhís, Do Thuairim

Is féidir leat dul i dteagmháil linn maidir le haon bhall foirne nó ceist seirbhíse ach:

- scairt a chur ar líne faisnéise FSS, 1850 24 1850
- ríomhphost a chur chuig [yoursay@hse.ie](mailto:yoursay@hse.ie)
- do thuairim a thabhairt go díreach ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie) ar 'Do Sheirbhís, Do Thuairim'

## Cad é mar a choinnímid do chuid sonraí slán (RGCS)

Déanaimid do chuid sonraí (faisnéise) a choinneáil slán trí bhainistíocht a dhéanamh orthu (uirthi) i mbealach atá ag teacht leis na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018. Más gá dúinn faisnéis a roinnt le gairmithe eile, lorgóimid do thoiliú ar dtús. [www.hse.ie/privacy-statement](http://www.hse.ie/privacy-statement)



**An tSeirbhís Altranais Sláinte Poiblí** ag soláthar seirbhísí chun cabhrú leat i do phobal nó sa bhaile



Tugtar faisnéis sa bhileog seo faoinár seirbhísí agus an dóigh gur féidir leat dul i dteagmháil linn. Tá faisnéis úsáideach eile leagtha amach inti freisin.

*(Le linn phaindéim Covid-19, is féidir go mbeadh gá ann tús áite a thabhairt do sholáthar seirbhísí Altranais Sláinte Poiblí.)*

### Ráiteas misin

#### Cúram Tiomantas Comhbhá

*Is é an aidhm atá ag Seirbhísí Altranais Sláinte Poiblí cúram altranais sábháilte duine-lárnach d'ardchaighdeán a sholáthar ar fud na tréimhse saoil: táimid tiomanta do shláinte agus folláine a chur chun cinn agus daoine a chumasú chun saolta sláintiúla sásta a bhaint amach.*

## Na seirbhísí atá againn

### 1. Seirbhís sláinte máithreachais

- Tugaimid cuairt ar mháithreacha nua chun measúnú a dhéanamh orthu i ndiaidh breith a leanaí.
- Soláthraímid faisnéis tuismitheoireachta, chomh maith le tacaíocht agus leideanna maidir le cur chun cinn na sláinte, treorú tuismitheoirí chuig seirbhísí úsáideacha san áireamh.
- Soláthraímid oideachas faoin dúlagar iarbheirthe agus féadaimid scrúdú a dhéanamh ina leith.
- Soláthraímid comhairle maidir le pleanáil clainne agus cúram.

### 2. Seirbhísí sláinte páistí

- Tugaimid cuairt ar leanaí nuabheirthe chun 'priosad na sáile' a dhéanamh más gá – glacaimid sampla fola chun tástáil le haghaidh ocht riocht neamhchoitianta.
- Soláthraímid measúnuithe ar fhorbairt páistí, cur chun cinn na sláinte agus clár um fheasacht sábháilteachta.
- Soláthraímid seirbhísí clínicíúla le haghaidh páistí, amhail cúram i ndiaidh obráide.
- Tugaimid tacaíocht agus faisnéis duit maidir le beathú do linbh, beathú cíche san áireamh.
- Déanaimid tástálacha éisteachta, scagthástálacha radhairc agus imdhíontaí i scoileanna.
- Comhordaímid cúram le haghaidh páistí a bhfuil riachtanais casta acu.
- Bímid ag déileáil le ceisteanna a bhaineann le leas agus cosaint páistí agus oibrímid go dlúth le hoibríthe sóisialta.

### 3. Seirbhísí do dhaoine fásta agus do dhaoine scothaosta

I measc na seirbhísí seo tá cúram créachta, instealltaí agus cúram deiridh saoil sa bhaile.

Glacaimid le daoine curtha chugainn óna ndochtúir teaghlaigh féin agus ó ospidéal ghéarmhíochaine (ospidéal a sholáthraíonn seirbhísí míochaine agus máinliachta). D'fhéadfadh sé go mbeidh ort coinníollacha incháilitheachta a chomhlíonadh chun úsáid a bhaint as ár seirbhísí clínicíúla. Is féidir leat tú féin a chur chugainn freisin.

- Soláthraímid treoir agus faisnéis faoin mbealach is fearr le do chúram a phleanáil. Déanaimid é sin i ndiaidh measúnú altranais iomlán.
- Déanaimid do chuid cúraim a mhonatóiriú agus a mheas agus tacaímid leis an gcúram.
- Déanaimid measúnú ar dhaoine i ndiaidh dóibh teacht amach as ospidéal ghéarmhíochaine agus soláthraímid cóir leighis dóibh.
- Déanaimid iarratais ar sheirbhísí um thacaíocht tí, amhail pacáistí cúraim baile, a shainnithint, agus tacaímid leo.
- Soláthraímid cosaint sláinte, agus faisnéis agus comhairle maidir le cur chun cinn na sláinte, do dhaoine, do theaghlaigh agus do ghrúpaí.
- Soláthraímid cúram maolaitheach agus cúram deiridh saoil, mar aon le cúram oinceolaíochta (ailse).
- Tá altraspeisialtóirí againn a sholáthraíonn cúram créachta. I roinnt réigiún, soláthraímid cúram coinneálachta freisin (cabhair le ceisteanna a bhaineann le leithreas).
- Tá sainfhoirne maolaitheacha i roinnt mhaith ceantar.
- Tugaimid tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas